# Ceisteanna áirithe le cabhrú le measúnú foirmitheach le linn Measúnú Rangbhunaithe 1 (MRB): An t-Am atá Thart i M'Áit

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## Stair na Sraithe Sóisearaí- Ceisteanna a d'fhéadfadh cabhrú le díriú ar aiseolas foirmitheach le linn Phróisis MRB1

*Tá ábhharthacht na gceisteanna ag brath ar an dtéama nó ar an t-ábhar a roghnaítear do MRB 1: An t-Am atá Thart i M'Áit*

### Intreoir :

Thiocfadh leis na gceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt aiseolas foirmitheach dá scoláirí le linn na tréimhse trí seachtaine nuair a dhéantar MRB 1 na Staire. Faoi mar a mholtar i dTreoirlínte Measúnaithe na Staire (leathanach 13), *"ós rud é go mbítear ag súil le go leor éagsúlachta sna réimsí taighde a roghnaíonn scoláirí"*, ní bheidh gach ceist bainte le gach téama ná le gach ábhar a roghnaíonn scoláirí. Tá na ceisteanna bunaithe ar na Torthaí Foghlama ó Shnáithe 1: Nádúr na Staire mar go n-aithnítear iad a bheith "fíorábhartha" agus go gcuireann siad bonn eolais faoi na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun na taispeántais a mheas a chruthaíonn na scoláirí.

### Conas na ceisteanna seo a úsáid:

Céim Mhachnaimh in MRB1 i dtagairtí na dTreoirlínte Measúnaithe (leath. 18): "*Moltar go dtaifeadfadh an scoláire a thuairimí nó smaointe faoin bpróiseas agus faoin bhfoghlaim agus é ag dul i ngleic leis an t-ábhar thar imeacht na dtrí seachtaine."* Ach na ceisteanna thíos a chur san áireamh chabhródh sé leis na scoláirí a mhachnamh a cheangal isteach ina gcuid taispeántas. Níl sé i gceist go mbeadh gach ceist iomchuí do gach scoláire mar go bhfuil sé ag brath ar an dtéama nó ar an t-ábhar áitiúil nó teaghlaigh staire a roghnaíodh don iniúchadh s'acu.

| Meon na staire a bhraistint | Ról na fianaise a thuiscint | Nascadh leis an bpobal áitiúil / gclann agus mórphictiúr a fháil den am atá thart |
|---|---|---|
| **Céim Iniúchta de phróiseas an MRB1** | | |
| *Agus tú ag iniúchadh an téama nó an ábhair a roghnaigh tú, conas a chabhróidh sé leat:;* | *Agus tú ag iniúchadh an téama nó an ábhair a roghnaigh tú, conas a chabhróidh sé leat:;* | *Agus tú ag iniúchadh an téama nó an ábhair a roghnaigh tú, conas a chabhróidh sé leat:;* |
| • do chumas a fhorbairt chun daoine, ceisteanna, imeachtaí a thuiscint (comhbhá a bheith agat leo) ina gcomhthéacs stairiúil?<br>• deis a thabhairt duit do théama / d'ábhar a mheas ó níos mó ná dearcadh (peirspictíocht) amháin?<br>• ceisteanna achrannacha nó conspóideacha a bhaineann le do théama / ábhar a aithint agus a réiteach?<br>• cur le do thuiscint ar d'oidhreacht chultúrtha agus an fáth a ndéantar í a chomóradh nó a thabhairt chun cuimhne?<br>do thuiscint a fhorbairt ar: *foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; am agus spás* | • do scileanna mar staraí a fhorbairt?<br>• an tairbhe agus na srianta a léiriú a ghabhann leis na cineálacha difriúla foinsí príomha agus tánaisteacha fianaise stairiúil a gheofá?<br>• an tseandálaíocht agus / nó an nuatheicneolaíocht a chur mar thaca leis?<br>• fianaise a aimsiú chun cabhrú leat breithiúnais stairiúla a dhéanamh? | • ceangal le gné / diminsean éigin de stair na hÉireann, amhail: polaitiúil, sóisialta, eacnamaíoch, reiligiúnach, cultúrtha agus / nó eolaíoch? Agus cén fáth?<br>• ceangail agus / nó comparáidí féideartha a nochtadh idir dhaoine, saincheisteanna agus imeachtaí in áiteanna difriúla nó i réanna stairiúla difriúla?<br>• ceangail agus / nó comparáidí féideartha a scrúdú idir dhaoine, saincheisteanna agus imeachtaí sa téama nó san ábhar a roghnaigh tú? |
| **Conas a chabhróidh Céim Aimsithe phróiseas MRB1 leat:** | | |
| *Conas a dhéanann do chuid fionnachtana faoi do théama nó ábhar roghnaithe;* | *Conas a dhéanann do chuid fionnachtana faoi do théama nó ábhar roghnaithe;* | *Conas a dhéanann do chuid fionnachtana faoi do théama nó ábhar roghnaithe;* |
| • ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair<br>• a chur ar do chumas breathnú air ó níos mó ná dearcadh (peirspictíocht) amháin?<br>• saincheisteanna nó téamaí achrannacha nó conspóideacha faoi d'ábhar a mhíniú?<br>• bonn eolais a chur faoi do thuiscint ar d'oidhreacht chultúrtha agus an fáth a ndéantar í a chomóradh nó a thabhairt chun cuimhne? | • foinsí fianaise a nochtadh a chuir bonn eolais faoi do bhreithiúnais staire<br>• cabhrú leat breithiúnais staire a dhéanamh<br>• a bheith ag brath ar an tseandálaíocht agus / nó ar na nuatheicneolaíochtaí<br>a thábhacht / a dtábhacht stairiúil ar leibhéal áitiúil nó idirnáisiúnta a thaispeáint | • ceangal a thaispeáint leis an ngné (diminsean) de stair na hÉireann a d'aimsigh tú<br>• ceangail agus / nó comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus imeachtaí in áiteanna difriúla nó i réanna stairiúla difriúla? |
| **Conas a chabhróidh Céim Thaispeána phróiseas MRB1 leat:** | | |
| *Conas a léireoidh an taispeántas a thabharfaidh tú ar do théama nó ar d'ábhar:* | *Conas a léireoidh an taispeántas a thabharfaidh tú ar do théama nó ar d'ábhar:* | *Conas a léireoidh an taispeántas a thabharfaidh tú ar do théama nó ar d'ábhar;* |
| • do chuid fionnachtana faoin gcomhthéacs stairiúil??<br>• do thuiscint ar níos mó ná dearcadh (peirspictíocht) amháin?<br>• aon saincheisteanna achrannacha nó conspóideacha a d'aithin tú?? | • do scileanna mar staraí a fhorbairt??<br>• na foinsí fianaise a d'aimsigh tú? | • an chaoi a bhfuil sé tábhachtach ar bhonn stairiúil, ar leibhéal áitiúil nó idirnáisiúnta? |

| | | |
|---|---|---|
| • aon cheangail le saincheist nó le téama comhaimseartha?<br>• cion a rinneadh ar son d'oidhreachta cultúrtha<br>• aon chomórthaí nó na cúiseanna ar chóir é / iad a thabhairt chun cuimhne? | • tairbhe agus srianta na gcineálacha difriúla foinsí príomha agus tánaisteacha fianaise stairiúil a d'aimsigh tú? | • d'fheasacht chroineolaíoch ar do théama nó ar d'ábhar? Conas a chabhródh amlíne leis sin?<br>• naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus I dtréimhsí staire áirithe |

**Stór focal le tógáil/ coincheapa stairiúla le forbairt:**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| comhbhá stairiúil | comhthéacs stairiúil | saincheisteanna achrannacha | saincheisteanna conspóideacha | fréamhacha stairiúla |
| An Saol comhaimseartha | oidhreacht chultúrtha | suntasach ó thaobh na staire de | comóradh | coincheapa staire |
| comhfhiosacht faoin stair | diminsin | polaitiúil | sóisialta | eacnamaíoch |
| reiligiúnach | cultúrtha | eolaíochta | achar ama | ré stairiúil |
| ceangail agus comparáidí | aiteanna difriúla | réanna difriúla | taispeántas | feasacht chroineolaíoch |